

An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14630/26

VISA 144
MIGR 317
FRONT 217
MOG 225
RELEX 1364
COMIX 263
IS
LI
NO
CH

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 13805/26
roimhe seo:

Ábhar: Seoladh an phróisis tarscaoilte víosaí leis an Araib Shádach
– Conclúidí ón gComhairle (an 19 Deireadh Fómhair 2026)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le seoladh an phróisis tarscaoilte víosaí leis an Araib Shádach, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4203ú cruinniú dá cuid an 19 Deireadh Fómhair 2026.

Conclúidí ón gComhairle

Dearbhaíonn an Chomhairle gur díol sásaimh di an rún atá ag an gCoimisiún próiseas tarscaoilte víosaí a sheoladh leis an Araib Shádach agus go mbeidh lánpháirt ag an gComhairle agus ag na Ballstáit i ngach céim den phróiseas. Ní dhéanfar an fhéidearthacht deireadh a chur leis an oibleagáid víosa do náisiúnaigh na hAraibe Sádaí a mheas ach amháin ar chomhlíonadh iomlán na dtagarmharcanna.
